

☘ An Lúibín ☘

13 Deireadh Fómhair 2021

Teagmháil

A new app to bring Irish speakers together.

Minic go leor is deacair do Ghaeilgeoirí teacht ar a chéile chun comhrá a thosú – in Éirinn ar aon nós, agus is measa an scéal in áiteanna eile. Anois tá aip ann chun an scéal a réiteach: GaelGoer, gaireas a chruthaigh DataDyne, comhlacht comhairleoireachta teicneolaíochta i mBaile Átha Cliath.¹

Trí dheis atá ann. Deir ‘Lámh Suas’ leat go bhfuil duine sa chónagar a fhéadann tú dul i dteagmháil leis tríd an gcóras teachtaireachta. Deir ‘Anseo’ leat go bhfuil oibrí in áit ghnó atá sásta Gaeilge a labhairt leat. Fógraíonn ‘Imeachtaí’ ócáidí teanga.

Tig leat an aip a úsáid in Éirinn nó thar lear, agus deirtear gur féidir í a íoslódáil anois.



Foclóir stairiúil faoin nGaeilge san Astráil

A biographical and cultural dictionary of the Irish language in Australia is in preparation. It will be entirely in Irish.

Tá stair na Gaeilge san Astráil – an teanga mar a bhí agus mar atá – á scríobh i gcónaí. Ailt, páipéir acadúla, cúpla leabhar (Dymphna Lonergan agus Val Noone na húdair). Teanga a bhí á labhairt ag mílte san Astráil sa 19ú haois, agus í á saothrú fós ag scata díograiseoirí. Daoine á léamh, á scríobh, á labhairt.

Shocraigh grúpa taighdeoirí tamall ó shin ar chur leis an bhfaisnéis stairiúil sin trí leabhrán Gaeilge a chur amach. Beidh eolas ann ar dhaoine, ar théacsanna agus ar eagraíochtaí a bhaineann le scéal na Gaeilge san Astráil agus leagan amach foclóra air de réir iontrálacha. Ní fios fós cén teideal a bheidh ar an leabhrán ach tá súil againn nach fada go mbeidh an saothar nua seo ar fáil. I nGaeilge a bheidh sé – an chéad leabhar a foilsíodh i nGaeilge ar fad san Astráil.

Tá sé ráite ag na taighdeoirí féin gur ábhar iontais é an méid eolais atá le haimsiú ach dul á chuardach. Rudaí a ligeadh i ndearmad, rudaí a fágadh i bhfolach, rudaí ar cuid den scéal mór iad ach iad a bhailiú agus a nochtadh. Val Noone, Greg Byrne, Rob Lindsey agus Colin Ryan atá ina bhun, agus ní mór a rá gur chuir Val bunús daingean leis an obair lena leabhar *Hidden Ireland in Victoria* (2012).

Is iondúil nach dtugann gnáthleabhair staire ach an aird is lú ar an nGaeilge mar theanga phobail i measc na nÉireannach san Astráil. Bheadh súil agat go rachadh an leabhrán seo i bhfeidhm ar staraithe Astrálacha feasta, murab é gurb annamh a bhíonn aon chuid den teanga acu. Ach is é tuairim na dtaighdeoirí gur fiú saothar dá leithéid a roinnt ar Ghaeilgeoirí san Astráil agus in áiteanna eile mar léargas neamhchoitianta ar ghnéanna den Ghaeilge mar theanga bheo, anois agus san am atá caite.



An file Gaeilge i gcóiríocht choimhthíoch

Poets who write in Irish, especially in Ireland, must reckon with the constant presence of another language. This raises the question of the validity or necessity of translation, and of the motivation for using one language rather than another.

¹ <https://tuairisc.ie/aip-nua-seolta-chun-gaeilgeoiri-a-chur-chun-cainte-lena-cheile/>

Aithnítear gurb í an fhilíocht an chuid den litríocht is déine urlabhra – bláth agus buaic na teanga, cibé teanga í. Tá cáil na filíochta ar an nGaeilge, filíocht atá á cumadh pé áit a bhfuil Gaeilgeoirí le fáil, fiú sna Stáit nó san Astráil. Tá an file Gaeilge ann, ach is pearsa fhrithchosúil an duine céanna, í no é ag breacadh i dteanga is tánaiste don Bhéarla os comhair an tsaoil i gcúrsaí litríochta. D’fhiafrófa an fiú leanúint den obair agus an scéal mar sin. Is iomaí freagra is féidir a thabhairt air sin, go háirithe i dtír nach bhfuil stádas ag an nGaeilge inti. Aisteachas mealltach na teanga, na fuaimeanna, an rómánsachas, cuimhne ar do dhúchas, d’aistíl féin. In Éirinn, ar aon nós, is deacair cúrsaí filíochta i nGaeilge a dhealú amach ó na cúrsaí céanna i mBéarla. Coimhlint agus ceangal.

Filíocht Ghaeilge agus an t-aistriúchán

Is beag duine a léifidh do dhán más i nGaeilge a scríobhadh é. Meallfar súile eile chuige má tá aistriúchán ann. Déanaimis talamh slán de nach ionann iad an t-aistriúchán agus an leagan bunaidh, go háirithe i gcás na Gaeilge, teanga atá chomh difriúil le Béarla is atá an Rúisis. Ach más maith nó olc an leagan nua, léifear é.

Dúirt duine de na filí Gaeilge is nótáilte, Liam Ó Muirthile, gurb é an dán féin príomhchúram an fhile, agus nach mór don dán a bheith in ann a fhód féin a sheasamh. Ach ba dheacair leis a thuiscint conas a d’fhéadfadh aon dán Gaeilge é sin a dhéanamh anois. Dúirt sé fiú go mb’fhéidir nach mbeadh sa dán Gaeilge feasta ach ‘a mere palimpsest of the poem in English,’ cé gur mhol sé freisin fuinneamh fhilíocht chomhaimseartha na Gaeilge.

Ceist í seo atá scagtha ag Cliona Ní Ríordáin. In Éirinn, tír ina gcuimhníonn náisiúnaithe ar an nGaeilge mar chuid dílis den fhéiniúlacht náisiúnta, is casta an rud é an ceangal idir téacs i nGaeilge agus an t-aistriúchán Béarla. Déanann sí tagairt dá ndúirt Heaney agus é ag lua cúrsaí nach mbaineann le litríocht amháin ach le stair, cultúr, polaitíocht: ‘In each case, a canonical literature in English creates the acoustic in which the translation is going to be heard...’. Tá éagothrom an dá theanga chomh mór sin, dar léi, go bhfeictear tréigean an Bhéarla chun cloí le Gaeilge mar chinneadh mórga a bhfuil sainbhír idé-eolaíoch ag roinnt leis. Má shocraíonn tú ar Bhéarla a chur ar shaothar file Gaeilge, mar sin, tá ualach éigin ort. Shílftí gur ghéilleadh é litríocht Ghaeilge a thiontú go Béarla. Ní fada atá a leithéid de thiontú á dhéanamh go coitianta.

Deir Daniela Theinová go mothaítear go bhfuil práinn leanúnach ann de thoradh na gcontráthachtaí atá fite fuaite i scríbhneoireacht i nGaeilge agus na síorchoimhlinte leis an mBéarla i dtaca le spás agus léitheoirí. Luann sí tuairim Nuala Ní Dhomhnaill go gcaithfear cur i gcoinne idirscaradh teangacha agus an chuid is féinchlaonta den tuiscint atá againn ar litríocht agus ar theanga ‘náisiúnta’. Measann Ní Dhomhnaill gurb ionann an t-ilteangachas agus éiceolaíocht theangeolaíoch.

Tá an ceart ag Ní Dhomhnaill ar shlí, ach tá déanamh na n-aistriúchán claonta chun an Bhéarla. Is annamh a gheofa leithéid *Conlán*, dánta le Seamus Heaney agus iad aistriúchán go greanta go Gaeilge ag Gabriel Rosenstock. Seo léargas nua ar fhocail aitheanta, iad athnuaite trí dhúchas eile. Deimhniú, b’fhéidir, ar dhearcadh Ní Dhomhnaill.

Tá filí ann nach dtagann an fhilíocht leo go réidh ach amháin trí Ghaeilge; tá filí eile ann, amhail Mícheál Ó hAirtneide/Michael Hartnett, atá gafa sa dá theanga agus ar deacair dóibh iad a dhealú amach ó chéile i gcúrsaí cumadóireachta.

An fhilíocht inti féin

Maireann filíocht na Gaeilge i saol atá báite i mBéarla, in Éirinn nó (abair) san Astráil. Tionscadal an-phearsanta é – níos pearsanta fiú ná mar is gnách don fhilíocht. Ach tá difríochtaí ann. Tá éagsúlacht ag baint leis an Astráil nach bhfaighfeá in Éirinn. Tír í a mhaireann ar na hinimircigh; is fada an t-ilchultúrthacht ann mar bheartas; tá traidisiún scríbhneoireachta anseo ina lán teangacha (Vítneamais, Sínis, Gréigis, Spáinnis agus eile), fiú más faoi thalamh atá cuid mhaith de ar siúl. Níl sa Ghaeilge ach teanga eile de chuid an domhain, teanga ar féidir í a úsáid mar uirlis liteartha, más é sin an nósúlacht atá ag roinnt leat, beag beann ar aon idé-eolaíocht chultúrtha.

Is baolach nach mbeadh meas ar chumadóireacht dá leithéid ach mar rud a bhaineann le pobal áirithe – na Gael-Astrálaigh, dream atá á n-athchumadh gan stad. Ach b’fhéidir go mbeadh fonn ort tú féin a shaoradh ó na laincísí sin agus tabhairt faoin bhfilíocht mar rud inti féin, mar ghuth a labhraíonn leis an domhan mór, seachas le tír amháin nó le dúchas ar leith. Is féidir a bheith dílis do theanga inti féin, beag beann ar an dream a labhraíonn í: is samplaí suntasacha iad Paul Celan agus Nelly Sachs, filí a lean orthu ag scríobh i nGearmáinis fiú tar éis gearleanúint Naitsíoch a fhulaingt.

Ceist ar leith é cás an fhile nach Éireannach é ach a iompaíonn ar an nGaeilge mar theanga chumadóireachta. Í mar aghaidh fidil aige, tearmann, seachaint, guth a chuireann a intinn agus a chroí in iúl ar shlí gan choinne (ar shlí a bhaineann geit as an bhfile féin). Nílban tacaíocht idé-eolaíoch ann atá le fáil in Éirinn, agus b’fhéidir gur fearrde an file an scéal a bheith mar sin: é ag dul i muinín na teanga agus an dáin mar rudaí a bhfuil a mianach

féin iontu. Dúirt Paul Celan nach féidir an fhírínne a insint ach sa teanga dhúchais; ach uaireanta is fearr bogadh siar beagán ó rud a bhfuil an iomarca taithí agat air chun go ligfí solas eile chugat.

*Liam Ó Muirthile: 'Offshore on land: poetry in Irish now,' in Caoilfhionn Nic Pháidín, Seán Ó Cearnaigh (eag.), *A New View of the Irish Language*, Syracuse University Press, 2009.

*Cliona Ní Riordáin, 'Translating Contemporary Irish Language Poetry,' lgh 20-25, foilsithe ar líne 11 Bealtaine 2010: <https://www.tandfonline.com/doi/abs/10.1080/02690051003651662?journalCode=rwas20>

*Daniela Theinová, 'Language and crisis in contemporary Irish language poetry,' *Litteraria Pragensia*:

<http://litteraria-pragensia.ff.cuni.cz/storage/document/lp-59-theinova-language-and-crisis-in-contemporary-irish-language-poetry.pdf>

*Wenche Ommundsen, 'Multilingual Writing in a Monolingual Nation,' *Sydney Review of Books*, 2018:

<https://sydneyreviewofbooks.com/essay/multilingual-writing-monolingual-nation/>

** Ruth Franklin, 'How Paul Celan Reconceived Language for a Post-Holocaust World,' *The New Yorker*, 23/11/2020:

<https://www.newyorker.com/magazine/2020/11/23/how-paul-celan-reconceived-language-for-a-post-holocaust-world>



Leigheas sna teangacha

Endangered Indigenous languages can hold priceless information about medicinal plants.

Is léir ó staidéar a rinneadh in Ollscoil Zürich san Eilbhéis nach bhfuil eolas ar phlandaí leighis ann nach dtiocfá air ach trí theangacha dúchasacha atá i mbaol. Rinneadh anailís ar 3,597 speiceas a raibh 12,495 feidhm leighis ag roinnt leo, agus ceanglaíodh na sonraí le 236 teanga dhúchasach san Amasóin, sa Nua-Ghuine agus i Mheiriceá Thuaidh. Deir na taighdeoirí go bhfuil 75% de na feidhmeanna atá le baint as luibheanna leighis le fáil in aon teanga amháin. Scrúdaíodh 645 speiceas de phlandaí in iarthuaisceart na hAmasóine agus an leigheas a bhaineann leo, de réir béaloidis i seacht dteanga is tríocha. Fuarthas amach go bhfuil 91% den eolas seo le fáil i dteanga amháin: má théann an teanga i léig, cailltear an t-eolas. Is iad na teangacha is mó atá i gcontúirt na cinn a bhfuil an t-eolas is mó iontu. Fáisceadh cuid mhaith gnáthchógas (aspairín, moirfín agus eile) as plandaí leighis.



Foraois bháistí san Amasóin

Wikimedia Commons

Tá os cionn 7,000 teanga ann faoi láthair agus deir an tionscadal Ethnologue go bhfuil 42% díobh i mbaol. Bhí 1,000 teanga á labhairt sa Bhrasáil sular tháinig na Portaingéalaigh in 1500, ach deir an grúpa neamhbhrabúis taighde SIL International nach bhfuil ann anois ach timpeall céad ceann acu.

Cuireann an staidéar in iúl gur dócha gur mó a scriosfaidh meath na dteangacha an t-eolas leighis ná meath na bithéagsúlachta. Sa Bhrasáil is minic is fearr le tuismitheoirí dúchasacha Portaingéilis nó Spáinnis ná a gcuid teangacha féin chun go mbeidh a gclann in ann dul chun cinn sa saol – scéal nach gcuirfeadh iontas ar chainteoirí Gaeilge. Agus cuirtear brú ar thuismitheoirí ar dhóigheanna eile, gan trácht ar cheannairí ag bheith ag fáil bháis le Covid-19. Moltar go mbeadh scoileanna dúchasacha ann a mhúinfeadh an teanga náisiúnta agus an teanga áitiúil le chéile.

Tá UNESCO ag seoladh na nDeich mBliana chun Teangacha Dúchasacha a Chothú idir 2022 agus 2032. B'fhéidir gurbh fhearrde leigheas an domhain é.

***Sibéilia Zanon**, 'Extinction of Indigenous languages leads to loss of exclusive knowledge about medicinal plants,' 20 Meán Fómhair 2021 | Aistrithe ag Maya Johnson: <https://news.mongabay.com/2021/09/extinction-of-indigenous-languages-leads-to-loss-of-exclusive-knowledge-about-medicinal-plants/#:~:text=Extinction%20of%20Indigenous%20languages%20leads%20to%20loss%20of%20exclusive%20knowledge%20about%20medicinal%20plants,-by%20Sib%C3%A9ilia%20Zanon&text=In%20a%20regional%20study%20on,known%20in%20only%20one%20language.>

***Rodrigo Cámara-Leret agus Jordi Bascompte**, 'Language extinction triggers the loss of unique medicinal knowledge,' PNAS June 15, 2021 118 (24) e2103683118; <https://doi.org/10.1073/pnas.2103683118>: <https://www.pnas.org/content/118/24/e2103683118>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dánta le Julie Breathnach-Banwait

Admháil

'Taosc leat, más faoistin do leigheas,'
a deireann sí go tráthúil
is í ag streancánacht ar an tseanghiotár
is ag snáiteoireacht ar an gcaife dubh
úd a chuireann beochan na maidine inti.

Déanaim clabhstráil ar fhocail
an scráib ar thóin an phota
ag múnlú mo laoi
is ag lasadh mo smaointí
ag scrúdú a haghaidh go bhfeicfinn
an glacadh nó a héimiú

Is sibh i bhfad uaim

Le guairdeall na gréine aithním an t-easnamh
ach go dteannann sibh liom.

Tá craobhacha críonacha mo chorp is seargadh
mo chraicinn fheannta ag béicíl orm.

Gur fiú gach grián a adhradh, a chomóradh
mar gur coisméig gach ceann in bhur dtreo.

Dánta le Colin Ryan

Iar-acapailipteach

Ní raibh an bóthar seo níos uaigní
ná bóithre eile
agus bheannaigh an púca dóibh
ina dhuine uasal
idir deatach na cathrach dóite
agus dul faoi na gréine
gur thóg sé a lámh go séimh mar cheiliúradh
ag tarraingt anuas an dorchadais

ag cealú a gcruinne

Ardán taispeána

Seo chugat na cuircíní
na coirníní
boirdréis is clisteacht na seod
is rámhaille sciortaí
na géaga míne siar is aniar
leis an té a shiúlann ina measc
aghaidh fidil uirthi
is rós ina glac a d'fhás
sna réimsí ciana reoite